Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Foirm iarratais ar Ghníomhaire de Chineál 2 a Ainmniú chun gníomhú thar ceann an chustaiméara (seachas FSS)

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
GNÍOMHAIRE Cineál 2
Rangú Sonraí R

Cad is Gníomhaire Cineál 2 ann?

I gcás nach féidir le custaiméir a c(h)úrsaí airgeadais féin a bhainistiú féadfar gníomhaire a cheapadh thar a c(h)eann. Tugtar Gníomhaire Cineál 2 ar an duine seo.

Cad iad na hoibleagáidí atá ar Ghníomhaire Cineál 2?

Ní mór don Ghníomhaire Cineál 2:

- gníomhú i gcáil phearsanta agus gan freagracht a tharmligean chuig aon duine eile.
- aon suim is iníoctha mar shochar thar ceann an chustaiméara a ghlacadh agus déileáil léi.
- an íocaíocht a úsáid chun leasa an chustaiméara agus de réir a dtola agus a rogha.
- a chinntiú nach gcaitear íocaíochtaí ar earraí ná ar sheirbhísí a bhfuil teideal ag an gcustaiméir orthu cheana féin.
- a chinntiú go n-íoctar gach costas réasúnta de chuid an chustaiméara, ag cinntiú a leasa phearsanta.
- iarmhéid na híocaíochta a thaisceadh i gcuntas úsmhar chun leasa an chustaiméara agus a chinntiú go bhfuil na cistí ar fáil dóibh agus inrochtana acu.
- taifead a choinneáil ar na suimeanna uile a fuarthas agus ar na hidirbhearta uile a rinneadh thar ceann an chustaiméara.
- na taifid a chur ar fáil má iarrann an custaiméir nó oifigeach de chuid na Roinne orthu.
- aon chomhfhreagras a eisítear ón Roinn maidir leis an gcustaiméir a fháil agus déileáil leis.

Ní mór don Ghníomhaire Cineál 2 fógra a thabhairt don Roinn gan mhoill freisin faoi aon athruithe i gcúinsí an chustaiméara a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a dteideal leanúnach ar a ráta íocaíochta reatha.

Socrú Gníomhaireachta de Chineál 2 a chur ar Ceal

Tá cead ag an Roinn socrú gníomhaireachta a chur ar ceal ag am ar bith, nuair atá fáth acu le bheith ag creideamh nach bhfuil ag éirí go sásúil leis an socrú nó nach bhfuil an íocaíocht á húsáid chun leas an chustaiméara. Ní theastaíonn toiliú an Ghníomhaire. Má tharlaíonn sé seo, ní mór don ghníomhaire na híocaíochtaí a thabhairt ar ais ar iarratas, pé áit ar cuí.

Más mian leis an nGníomhaire tarraingt siar ón ról, ní mór dóibh é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an Roinn, agus fógra míosa a thabhairt roimh ré.

Daoine nach féidir a cheapadh mar Ghníomhaire Cineál 2

Ní cheapfaidh an tAire duine chun gníomhú thar ceann an chustaiméara má tá nó má bhí an duine sin:

- breithnithe a bheith ina f(h)éimheach, ach amháin má tá an fhéimheacht urscaoilte nó an breithiúnas curtha ar neamhní,
- ciontaithe i gcion a bhain le calaois nó caimiléireacht;
- ciontaithe i gcion in aghaidh duine nó maoine an chustaiméara lena mbaineann;
- faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ar lean ar an gcéad leathanach eile.

Cúinsí nach féidir Gníomhaire Cineál 2 a cheapadh

Ní féidir Gníomhaire Cineál 2 a cheapadh i gcás ina bhfuil an custaiméir:

- ina Choimircí Cúirte;
- gur cheap sé/sí duine chun bheith ina aturnae dó/di faoi Chumhacht Sheasmhach Aturnae, arna ceapadh de réir Acht am Chumhachtaí Aturnae 1996 (Uimh. 12 de 1996) nó an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (Uimh. 64 de 2015);
- go raibh Ionadaí Cinnteoireachta ceaptha aige nó aici faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 i leith an chustaiméara agus i leith bainistiú cúrsaí leasa shóisialaigh a bhaineann leo; **nó**
- tá Cúntóir Cinnteoireachta ceaptha aige/aici faoi Chomhaontú Cúnaimh Cinnteoireachta, nó tá Comhchinnteoir ceaptha ag an gcustaiméir faoi Chomhaontú Comhchinnteoireachta i gcomhréir leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015.

Tabhair faoi deara: Is dlí é an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a bhunaíonn creat dlíthiúil nua do chinnteoireacht tacaithe in Éirinn. Ceadaíonn sé do dhaoine comhaontuithe dlíthiúla a dhéanamh maidir le conas is féidir tacú leo chun cinntí a dhéanamh faoina leas pearsanta, a maoin agus a ngnóthaí.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi shocruithe Cinnteoireachta agus faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí www.decisionsupportservice.ie

Conas is ceart an fhoirm seo a chomhlánú?

Tá sampla ag bun an leathanaigh seo ar féidir a úsáid mar threoir chun í a chomhlánú. Déan cinnte go:

- mbaineann tú úsáid as peann gránbhiorach **dubh** agus ceannlitreacha, agus cuir **X** sna boscaí ábhartha chun an fhoirm a chomhlánú; agus
- go bhfreagraítear gach ceist a bhaineann leatsa agus leis an gcustaiméir.

Conas an fhoirm seo a chomhlánú

Chun cabhrú linn an t-iarratas seo a phróiseáil, scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir agus bain úsáid as bosca amháin le haghaidh gach ceann acu. Féach ar na samplaí seo thíos.

Cuid 1 Sonraí an chustaiméara

1. Uimhir PSP: | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | T | |

2. Sloinne: | M | U | R | P | H | Y | | | | | | | | | | | | | |

3. Céadainmneacha: | M | Á | I | R | E | | | | | | | | | | | | | | |

SAMPLA

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
GNÍOMHAIRE Cineál 2

Rangú Sonraí R

Foirm iarratais ar **Ghníomhaire de Chineál 2 a Ainmniú**

chun gníomhú thar ceann an chustaiméara(seachas FSS)

Cuid 1 — Sonraí an chustaiméara

1. Uimhir PSP:

2. Sloinne:

3. Céadainmneacha:

4. Dáta breithe:

L L M M B B B B

5. Seoladh:

Contae

Éirchód

6. Uimhir ghutháin:

7. Seoladh ríomhphoist:

8. Ainm na híocaíochta coimirce sóisialta nó an phinsin atá á íoc:

Ar lean ar an gcéad leathanach eile.

Cuid 2 Teastas Cleachtóir Leighis Cláraithe

Ní mór do chleachtóir leighis cláraithe Cuid 2 a chomhlánú ach amháin mura bhfuil duine in ann, faoi láthair, a ngnóthaí airgeadais féin a bhainistiú.

De réir Airteagal 202(2) de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Ri-alú) 2007, féadfaidh **ceann amháin nó níos mó** díobh seo a leanas a bheith san áireamh sna himthosca ina measfar nach bhfuil duine in ann a ngnóthaí airgeadais féin a bhainistiú chun críche an iarratais seo:

(a) Neamhábaltacht an fhaisnéis a bhaineann le teidlíochtaí féideartha chun sochair a thuiscint.

(b) Neamhábaltacht faisnéis a choinneáil fada go leor chun roghanna deonacha a dhéanamh a bhaineann le teidlíochtaí féideartha chun sochair.

(c) Neamhábaltacht faisnéis ábhartha a úsáid nó a mheá mar chuid den phróiseas chun aon chinneadh is gá a dhéanamh chun aon íocaíochtaí sochair a fhaightear a bhainistiú.

(d) Neamhábaltacht aon chinneadh a chur in iúl nó freagairt a thabhairt ar chomhfhreagras nó ar fhios-rúcháin maidir leis an éileamh nó leis an sochar, bíodh sé sin trí labhairt, trí scríobh, trí úsáid teanga chom-harthaíochta, trí theicneolaíocht chúnta, nó ar aon mhodh eile, nó, má éilíonn an cinneadh nó an freagra a chur in iúl gníomh tríú páirtí, cumarsáid a dhéanamh ar aon mhodh leis an tríú páirtí sin,

Táim tar éis an duine a ainmnítear i **gCuid 1** den fhoirm seo a mheas laistigh de 30 lá anuas agus, i mo thuairimse, níl sé de chumas acu a ngnóthaí airgeadais féin a bhainistiú mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na cúinsí a thuairiscítear thuas.

Ainm an cleachtóra leighis:

Uimhir phainéil ón RCS:

Uimhir ó CDL (IMC):

Seoladh:

Contae

Éirchód

Síniú an cleachtóra leighis, **ní** i gceannlitreacha.

Dáta: L L M M B B B B

Stampa oifigiúil an chleachtóra leighis

Cuid 3 Socruithe cinnteoireachta

9. An bhfuil socrú cinnteoireachta i bhfeidhm don duine a ainmnítear i **gCuid 1** faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015? ☐ Tá ☐ Níl

Má **tá**, deimhnigh cén socrú atá i bhfeidhm:

☐ Ordú Ionadaíochta Cinnteoireachta

☐ Comhaontú Comhchinnteoireachta

☐ An Comhaontú um Chúnamh Cinnteoireachta

Cuir isteach sonraí an tsocraithe le do thoil.

10. An bhfuil an duine a ainmnítear i **gCuid 1** ina Choimircí Cúirte? ☐ Tá ☐ Níl

Má **tá,** cuir isteach sonraí an tsocraithe, le do thoil.

11. An bhfuil aon socrú dlíthiúil eile i bhfeidhm a chuirfeadh bac ar Ghníomhaire a cheapadh, mar shampla, Cumhacht Sheasmhach Aturnae? ☐ Tá ☐ Níl

Má **tá,** cuir isteach sonraí an tsocraithe, le do thoil.

Cuid 4 Sonraí an ghníomhaire

12. Uimhir PSP:

13. Sloinne:

14. Céadainmneacha:

15. Dáta breithe:

L L M M B B B B

16. Seoladh:

Contae Éirchód

17. Uimhir ghutháin:

18. Seoladh ríomhphoist:

19. Gaol leis an gcustaiméir:

20. An bhfuil a fhios ag baill eile den teaghlach a ainmnítear i **gCuid 1** go bhfuil iarratas á dhéanamh agat chun bheith ainmnithe mar Ghníomhaire? ☐ Tá ☐ Níl

Cuid 5 Dearbhú an ghníomhaire

Tá leathanach an chlúdaigh léite agam agus deimhním nach raibh mé:

- a bhreithniú mar fhéimheach;
- ciontaithe i gcion a bhain le calaois nó caimiléireacht; **nó**
- ciontaithe i gcion in aghaidh duine nó maoine an chustaiméara lena mbaineann.

Níl mé ar an eolas gur Coimircí Cúirte an duine a ainmnítear i **gCuid 1** ná gur ceapadh aon duine eile faoi Chumhacht Sheasmach Aturnae nó Socrú Tacaíochta Cinntí chun gníomhú thar a gceann maidir le cúrsaí leasa shóisialaigh.

Tuigim agus glacaim le mo chuid oibleagáidí mar ghníomhaire Cineál 2 mar atá leagtha amach ar **chlúdach an fhoirm seo**. Tuigim gur féidir leis an gcustaiméir, nó leis an roinn, an socrú seo a chur ar ceal am ar bith sa chás go bhfuil cúis acu a chreidiúint nach bhfuil an socrú ag obair go sásúil.

Má cheadaítear m'ainmniúchán, aontaím mo chuid oibleagáidí mar Ghníomhaire Cineál 2 a chomhlíonadh don duine a ainmnítear i **gCuid 1**.

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam i ndáil le m'iarratas ar cheapadh mar Ghníomhaire Cineál 2 fíor agus iomlán. Tuigim **gur cion é** ráiteas bréagach a dhéanamh nó mainneachtain oibleagáidí Gníomhaire de Chineál 2 a chomhlíonadh.

Geallaim fógra a thabhairt don roinn gan mhoill faoi aon athrú ar chúinsí an chustaiméara a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a dteideal leanúnach ar a ráta íocaíochta reatha.

Dearbhaím go bhfuilim os cionn 18 mbliana d'aois.

Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, féadfar thú a ionchúiseamh as a dtiocfaidh fíneáil, téarma príosúin, nó an dá rud.

	Dáta:								
					2	0			
	L	L	M	M	B	B	B	B	

Síniú an Ghníomhaire, **ní** i gceannlitreacha.

Cuid 6 Sonraí íocaíochta

Is féidir íocaíocht a dhéanamh le hoifig poist nó go díreach le cuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais. Ní mór do chuntas bainc a bheith in ainm an chustaiméara amháin a ainmnítear i **gCuid 1** nó a bheith i gcomhsheilbh an chustaiméara a ainmnítear i **gCuid 1**.

Comhlánaigh **ceachtar** den dá rogha thíos, le do thoil.

Oifig an Phoist

Ainm na hoifige poist:

Seoladh:

Contae

Éirchód

Institiúid Airgeadais

Tá na sonraí seo a leanas ar fáil ar ráitis ón institiúid airgeadais.

Ainm na hinstitiúide airgeadais:

Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN):

Cód Aitheantais Bainc (BIC):

Ainmneacha na sealbhóirí cuntais:

Ainm an Chustaiméara

Ainm 1:

Ainm 2, más ann:

Cuid 7 Cá seolfaidh mé an iarratas seo

Braitheann cá seoltar an t-iarratas seo ar an íocaíocht coimirce sóisialaí atá á fáil ag an gcustaiméir. Féach sa cholún ar chlé thíos chun an íocaíocht coimirce sóisialaí ábhartha a aimsiú agus sa cholún ar dheis chun an áit gur chóir duit an t-iarratas seo a sheoladh.

Cineál íocaíochta	**Cá seolfaidh mé m'iarratas**
Liúntas Banchéile Thréigthe Sochar Banchéile Thréigthe Pinsean Stáit (Ranníocach) Pinsean Stáit (Neamhranníocach) Pinsean (Ranníocach) Páirtnéara faoi Mhéala Pinsean (Neamh-ranníocach) Páirtnéara faoi Mhéala	An Roinn Coimirce Sóisialaí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar an Choláiste Sligeach F91 T384 **Teileafón:** 0818 200 400 nó +353 71 915 7100 ó Thuaisceart Éireann nó thar lear.
Pinsean na nDall Liúntas Cúramóra Sochar Báis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde Liúntas Míchumais Pinsean Easláine	An Roinn Coimirce Sóisialaí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar Bhéal Átha na Lao An Longfort N39 E4E0 **Fón:** 0818 927 770 nó +353 43 334 0000 ó Thuaisceart Éireann nó thar lear.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/appointagent**

Ráiteas um Chosaint Sonraí

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí córas cosanta sóisialta na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais eile i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí. Is féidir teacht ar ár mbeartas um chosaint sonraí ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin a bheartaítear mínithe agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.